



Tuarascáil Bhliantúil 2006



Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Ag Bogadh Chun Cinn

Clár Ábhair



STIÚRTHÓIRÍ	iii
I FORBHREATHNÚ	1
II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN	
A. Tionscnaimh Dhúnta	3
B. Tionscnaimh Mhóra Curtha Chun Cinn	10
C. Tionscnaimh Mhóra Tosnaithe	17
III PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA	25
IV BORD NA GNÍOMHAIREACHTA AIRGEADAIS D'FHORBAIRT NAISIÚNTA (GAFN)	28
AGUISÍN 1	30
GAFN – RÓLANNA AGUS FEIDHMEANNA	
AGUISÍN 2	33
TEIMPLÉAD AR AONTÚ TIONSCNAMH	
AGUISÍN 3	34
LIOSTA ÚDARÁS STÁIT	
RÁITIS AIRGEADAIS	36



**National Development
Finance Agency**

Mr Brian Cowen TD
Tánaiste and Minister for Finance
Government Buildings
Upper Merrion Street
Dublin 2

28 June 2007

Dear Tánaiste

I have the honour to submit to you the Report and Accounts of the National Development Finance Agency for the year from 1 January 2006 to 31 December 2006.

Yours sincerely

Michael J Somers
Chairman

Stiúrthóirí



Dr Michael J Somers -
(Cathaoirleach)



Anne Counihan -
(Príomhfheidhmeannach)



Mr Adrian J. Kearns -
(Príomhfheidhmeannach)



Mr Fred Barry



Mr Liam Berney



Ms Ann Fitzgerald



Mr Stewart Harrington



Mr Tony Jones



Mr Peter McManamon

Michael J. Somers (Cathaoirleach)
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta

Anne Counihan (Príomhfheidhmeannach)¹
Stiúrthóir Gnóthaí Dlí & Corparáideacha
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta

Adrian J. Kearns (Chief Executive)
Stiúrthóir Acmhainní Daonna¹
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach
An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta

Liam Berney²
Oifigeach Tionsclaíoch
Comhdhail na gCeardchumann

Ann Fitzgerald
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí

Stewart Harrington
Stiúrthóir
Killeen Properties Limited

Tony Jones
Comhairleoir Gnó

Peter McManamon
Cathaoirleach
Ceva Inc

Chas an Bord le chéile se uair le linn na bliana 2006.

¹ Anne Counihan – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin anuas go dtí 9 Feabhra 2007. Cheap an tAire Adrian Kearns don Bhord an 10 Feabhra 2007. Cheap an Bord é mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 1 Márta 2007

² Arna ceapadh an 13 Samhain 2006 ar bhonn neamhreachtuil ar feitheamh rith na reachtaíochta lena méadaítear méid an Bhoird





I FORBHREATHNÚ

Ón bhliain 2003, cuireann an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) comhairle airgeadais ar fáil d'Údaráis Stáit atá gafa le mór-thionscnaimh infrastruchtúir ó 2003 i leith. Le tamall anois, tá leathnú déanta ar a freagrachtaí agus tionscnaimh Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, idir sholáthar agus cur i gcrích atá lasmuigh d'earnála na n-údarás áitiúla agus iompar, idir lámha acu. Tá achoimre ar rólanna agus ar fheidhmeanna an GAFN in Aguisín 1.

Le bliain anuas bhí dha mórfhorbairt a tháinig ar an GAFN:

- **Ceadaíonn an Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007** don GAFN bheith mar lárionad Saineolais i leith na Comhpháirtíochta Phríobháideach Phoiblí (CPP)
- I mí Eanáir, sheol Rialtas na hÉireann plan nua dar teideal **Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013** ina mbeidh tionscnaimh infheistíochta phoiblí gur fiú nach mór €80 billiún iad. Ceadaíonn an Plean do bhreis agus €13 billiún i dtionscnaimh ina bhfuil tacaíocht CPP iontu. Deimhneofar go mbeidh comhairle an GAFN i gcúrsaí airgeadais ag teastáil ó gach tionscnamh le luach de bhreis ar €20 milliún, idir CPP nó eile.

Deineadh dul chun cinn substaintiúil le linn na bliana i réimse leathan tionscnamh lena raibh baint ag an GAFN mar chomhairleoir airgeadais nó mar údaras soláthair. San áireamh sna tionscnaimh seo tá Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla, an Ionad Comhdhála Náisiúnta, tógail scoileanna, tithíocht agus iompar.



II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

A. Tionscnaimh Dhúnta

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla

Shrois tionscnamh Choimpléasc na gCúirteanna Coiriúla an pointe gur dúnadh an conradh in Aibreán 2007 leis an Rogha Tairgeoir, Babcock & Brown. Áis den chéad scoth gur caitheadh €120 milliún uirthi is ea í seo a bheidh ina mbeidh na cúirteanna coiriúla go leir in aon áit amhain seachas bheith scaipthe mar ataid faoi lathair ar fud na Ceithre Cúirteanna. Seasfaidh an foirgneamh mar shainchomhartha i measc foirgnimh eile agus cuirfidh sé go mór le ailtireacht Bhaile Átha Cliath de bharr a dhearadh agus a chrut.





II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Cuirfidh an Coimpléasc na nithe seo ar fáil:

- 22 chúirt in achar circa 25,000 méadar cearnach
- 100 cillín daingean
- Ionad tionóil giúiré agus seomraí giúiré
- Áiseanna don phobal, finnéithe, finnéithe i mbaol, íospartaigh, cosantóirí agus na meáin.
- Áiseanna do na breithiúna, abhcóidí agus aturnaetha
- Seomraí Comhairliúcháin
- Leabharlann
- Lóistín don Chomhairle Barra

Chóirigh an GAFN an samhail airgeadais don tionscnamh agus dhein áisiú ar an ceardlann riosca agus ionchur ab ea an dá rud sin i gcomhdhéanamh an tagarmharc don earnáil phoiblí.

Bhí spéis shuntasach ag an margadh sa tionscnamh seo agus fuaradh haondéag Léiriú Spéise i mí an Mheithimh 2005. Deineadh gearrliosta de thriúr agus tugadh cuireadh dóibh tairiscint a dhéanamh don Tionscnamh seo. Tar éis próiséas cuimsitheach luachála roghnaíodh Babcock & Brown mar an Rogha Tairgeoir.

Tháinig soláthar an tionscadail chun deireadh tráchtála, dlíthiúil agus airgeadais i mí Aibreáin 2007. Is í an chuideachta CPP a dhearfaidh, a thógfaidh, a chothabhálfaidh agus a mhaoineoidh an coimpléasc féin. Táthar ag dúil go mbeidh an tionscadal i mbun oibriúcháin go hiomlán sa bhliain 2009.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

An Roinn Ealaín, Spóirt agus Turasóireachta Ionad Comhdhála Náisiúnta



Shrois an CPP don Ionad Comhdhála Náisiúnta pointe dúnta conradh in Aibreán 2007 agus an Rogha Tairgeoir ab ea Spencer Dock International Conference Centre Consortium. Áis nua-aimseartha tógtha ar chostas €210 milliún a bheidh sa tionscnamh infrastuchtúr turasóireachta seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Cabhróidh an áis seo le hÉirinn a cumas iomlán a chur i bhfeidhm sa mhargadh idirnáisiúnta comhdhála, margadh atá thar a bheith luachmhar. Tá sí á soláthar trí CPP agus beidh sí ina shain-chomhartha ina mbeidh

- Príomh halla comhdhála a bheidh in ann 2,000 toscaire a láimhseáil le linn seisiúin iomlánach.
- Halla féasta do 2,000 duine.
- Halla Taispeántais.
- Ionad Gnó agus Cumarsáide

An Consortium darbh ainm Spencer Dock International Conference Centre (SDICC) (consortium lena n-áirítear ina measc Treasury Holdings agus John Sisk & Son Limited) a fógraíodh mar an Rogha Tairgeoir Sealadach don tionscnamh seo i mí na Samhna 2005. Beidh an comhlacht CPP freagrach as dearadh, tógáil, oibriú, cothbháil agus maoiniú an Ionaid.

Soláthar fada agus casta a bhí sa tionscnamh seo agus chur an GAFN seirbhísí airgeadais agus riosca ar fáil chun an tionscnamh a bhogadh chun cinn tríd na céimeanna go léir. Shrois soláthar an tionscnaimh an dúnadh i gcursaí tráchtála, dlí agus airgeadais i mí Aibreán 2007.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Bóthar Lansdúin



Is é atá sa tionscnamh seo ná an suíomh a ath-fhorbairt ina staid a thógfadh 50,000 duine ina suí agus an toradh bheith ina áis spóirt ar chaighdeán domhanda.

Ta buiséidiú de €365 milliún déanta don staid. Beidh €191 milliún de seo á chur ar fail ag an stát agus mar gheall ar seo d'iarr an rialtas ar an GAFN athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí agus na réamh-mheastacháin is deanaí a fuaradh ó Chumann Rugbaí na hÉireann agus Cumann Sacair na hÉireann i leith an tionscnaimh. Chuir an GAFN a Comhairle ar fáil don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i mí Bealtaine 2007.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Bóithre



N7 Cuarbhóthar Theas Luimnigh

Bhain scéim CPP an N7 Cuarbhóthar Theas Luimnigh céim dhúnta airgeadais amach leis an Rogha Tairgeoir, an DirectRoute consortium, i mí Lúnasa 2006. Cuimseoidh an tionscnamh an tullán fo-uisce a bheidh ag dul trasna Abhainn na Sionainne. Tá luach measta ar an dtionscnamh seo de €570 milliún. Tá air DirectRoute dearadh, tógáil, cothbháil, oibriú agus maoiniú a dhéanamh ar an scéim.

N6 Gaillimh go Béal Átha na Slua

Síneann an N6 Gaillimh go Béal Átha na Slua ar feadh 57.6 km, ag tosnú i gCo. Na Gaillimhe agus ag críochnú i gCo. Ros Comáin.

Fuaradh na Cuirí chun Idirbheartaíochta i ní Bealtaine agus ar an 13 Nollaig 2006 cheap an tÚdarás um Bóithre Naisiúnta an consortium ICON mar an Rogha Tairgeoir. Sroiseadh dúnadh i gcursaí airgeadais in Aibreán 2007.

M3 Cluain Í / Ceananas Mór

Tá stráice de 47km de mhótarbhealach san áireamh sa tionscnamh seo agus roinnt seachbhóithre san áireamh timpeall ar Dhún Seachlainn, An Uaimh agus Ceanannais Mór, 2km de charrbhealach dúbailte agus 10km de charrbhealach singil. Tá seachbhóthar ar an N52 a théann 3.5km timpeall ar bhaile Ceanannais maraon le 15km de nascbhóithre.

I mí Meán Fómhair 2006, cheap an tÚdarás um Bóithre Naisiúnta EuroLink mar an Rogha Tairgeoir. Bhain an tionscnamh dúnadh airgeadais amach i mí Aibreán 2007

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil

Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainneach

Síníodh conarthaí i ndáil le dhá thionscadal tithíochta Shóisialta agus Inacmhainne mhóra le linn na bliana seo caite:

- Bóthar Bhaile Shéamais – (€45 milliún) dúnta i bhFeabhra 2007, tá an scéim seo comhdhéanta de 240 tigh inacmhainneach agus 60 tigh príobháideach.
- Gáirdíní Uí Dhuibheannaigh (€180 milliún) dúnta i bhFeabhra 2007. Tá se ar cheann de na tionscnaimh athnuachana is mó i mBaile Átha Cliath agus í comhdhéanta mar seo: 281 Tigh sóisialta, 250 tigh inacmhainneach agus 292 tigh príobháideach.







II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

B. Tionscnaimh Mhóra Curtha Chun Cinn

Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Ath-Sholáthar ar Phriosún Mhuinseo / Priosún Halla Thornton

Déanfar príosún nua a fhorbairt ar shuíomh i Halla Thornton, Contae Átha Cliath gur bunaidhm leis ná ath-sholáthar a chur ar fáil de roinnt phríosúin éagsúla atá as dáta agus lonnaithe sa sean ionad i Muinseo, BÁC. Aidhm an tionscnaimh ná áis nua-aimseartha agus éifeachtúil o thaobh costais a chruthú a chuirfidh réimse seirbhísí agus coinníollacha maireachtála do chiontóirí agus é sin a dhéanamh i slí atá i gcomhréir leis an deachleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Cuirfidh an áis seo áit ar fáil ón dtús do 1,400 ciontóirí idir fásta agus óg agus idir fhireann agus baineann. Beidh an teicneolaíocht de leibhéal an-ard in úsáid i dtéarmaí slándála agus smachta foirgnimh

Seo tionscnamh CPP a chuimsíonn dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil. I mí Aibreáin, fuaradh na Léiriúcháin Spéise ó sé consortia éagsúil ata bunaithe in Éirinn agus thar lear. Cuireadh triúr ar ghearrliosta agus chuir an triúr sin tairiscint a chur le chéile

Tar éis próiseas tairsceana ina raibh géar-chomórtas ann, tháinig consortium, ina bhfuil Michael McNamara & Co. & Barclays Private Equity agus Global Solutions Limited páirteach, chun cinn nuair a roghnaíodh iad mar an Rogha Tairgeoir in Aibreán 2007. Tá idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair leis an consortium Léargas. Táthar ag tuar go mbeidh an conradh dúnta am eigin idir lár agus deireadh 2007.

B'e an tionscnamh seo an chéad tionscnamh inar úsáideadh an Teimpléad Ar Aontú Tionscnamh de chuid an GAFN mar bhunús ullmhúcháin don aontú tionscnamh. Go dáta tá an GAFN tar éis bheith páirteach i mbreithniú ar an bpáipearachas a ghabhann leis an Cuireadh chun Idirbheartaíochta, ag óstáil an ceardlann riosca (chun teacht ar an Risk Allocation Matrix) agus an Tagarmharc don Earnail Phoiblí a ullmhú don tionscnamh.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Oideachas

Clár CPP – 27 scoil €320 milliún

Ar an 29 Meán Fómhair 2005, d'fhógair an tAire Oideachais & Eolaíochta pleananna chun 23 iar-bhunscoileanna agus 4 bhunscoil nua a sholáthar tríd CPP ó 2006 go 2009. Beidh an GAFN freagrach as gach gné do sholáthar na dtionscnaimh seo a chur i gcrích i leith na dtionscnaimh seo i gcomhairle leis an Roinn Oideachais & Eolaíochta. Tabharfaidh an GAFN ar ais na tionscnaimh seo don Roinn nuair a bheidh an obair thógála i gcrích agus gur feidir na foirgnimh d'úsáid.

Is iad na aidhmeanna ginearálta a ghabhann le Clár na Scol ná iostas agus áiseanna a sholáthar do gach ceann do na scoileanna a shásaíonn riachtanais na Roinne le seirbhísí oideachas a sholáthar do scoláirí. San áireamh anseo tá foirgnimh ar chaighdeán an-ard déantúsaíochta, timpeallacht dheas chun foghlamtha laistigh agus lasmuigh, áiseanna spóirt atá inacmhainneach agus ar chaighdeán ard agus na nithe seo ar fad d'fháil maraon le luach a chuid airgid d'fháil don Stát.



II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

An Chéad Liosta Scoileanna

Baineann an Chéad Liosta Scoileanna le scoileanna nua a chur in ionad sé scoil atá ann faoi láthair. Baineann sé le ceithre scoil nua i dtrí suíomh eagsúil, dha cheann i bPort Laoise agus ceann i bhFéar Bán agus ceann i mBeannachair i gCo. Uíbh Fháilí. Cuirfidh na scoileanna seo 2,700 áiteanna ar fáil do pháistí scoile. Cuirfear an Tionscnamh seo i gcrích mar chonradh deartha, tógála, airgeadais agus oibriú le tréimhse lamháltais 25 bliain.

Tar éis Tagarmharc na hEarnala Phoiblí a chomhlíonadh agus síniú ar gach gné de pholasaí agus buiséid tionscnamh, thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta trasna é don GAFN hoifigiúil ar an 26 Meán Fómhair 2006. Ar an 27 Meán Fómhair 2006, d'eisigh an GAFN fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpach i leith an tionscnaimh ag tabhairt cuireadh ó pháirtithe le spéis acu ann iarratas a dhéanamh go dtabharfaí cuireadh dóibh le idirbheartú le súil agus dul i gComhaontú Tionscnaimh.

Fuaradh deich n-aighneacht ón earnáil phríobháideach. Deineadh luacháil orthu seo agus cuireadh trí aighneacht ar ghearrliosta le dul ar aghaidh go dtí an chéad céim eile. Na dreamanna seo a leanas a réamh-cháiligh (liostáilte de réir aibítire)

- BAM PPP
- Hochtief / Sisk
- Macquarie Partnerships for Ireland

I mí Márta 2007, d'eisigh an GAFN an Cuireadh chun Idirbheartaíochta agus Comhaontú Tionscnaimh do trí ghrúpa seo. Tá sé beartaithe go mbeadh a n-aighneachtaí deirneacha tagtha isteach ón dtrí ghrúpa seo faoi lár mí Iúil 2007. Tá an GAFN dírithe ar an gcomórtas a chomhlíonadh i gcomhréir leis an tráthchlár leagtha amach thíos.

Dáta	Tasc
Márta 2007	D'eisigh Cáipéisí Cuireadh chun Tairisceana
Iúil 2007	Tairiscintí a Chur Isteach
Lúnasa 2007	Ceapadh an Rogha Tairgeoir
Samhain 2007	Bronnadh an Aontú Tionscnaimh



II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Iompar - Bóithre

Thug an GAFN cúnamh don Údaras um Bóithre Náisiúnta ar ghnéithe airgeadais bainteach leis na tionscnaimh seo a leanas atá ag bogadh chun cinn chun tosaigh ar sceideal:e:

M8 Seachbhóthar Ráth Chormaic – Mainistir Fhearmaí

Bronnadh an Conradh ar Direct Route (Fermoy) Ltd chun N8 Seachbhóthar Ráth Chormaic – Mainistir Fhearmaí a dhearadh, a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a mhaoiniú faoi CPP. D’oscail an tionscnamh seo ar an 2 Deireadh Fómhair 2006, ocht mí chun tosaigh ar sceideal.

Port Laoise – Baile an Chaisleáin - Culahill

Beidh soláthar de choda don N7 agus N8 san áireamh mar scéim amháin i gcás CPP an bhóthair M7/M8 Port Laoise – Baile an Chaisleáin – Culahill. Fuaradh na haighneachtaí a tháinig ón gCuireadh chun Idirbheartaíochta i mí Iúil 2006 agus , tar éis comórtas Tairiscint Dheireannach agus is Fearr, roghnaíodh Celtic Roads Group mar an Rogha Tairgeoir i Márta 2007. Tá bronnadh an chonartha pleanáilte don Samhradh 2007.

Iompar - Iarnróid

Thug an GAFN cúnamh don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (GFI) le gnéithe airgeadais ar na tionscnaimh seo a leanas:

Metro North

Ceanglóidh an 18km ar line an Metro North Sórd le lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus déanfaidh sé freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath maraon le nasc comaitéara ar an dtaobh ó thuaidh den chathair. Tá an Metro le bheith in eilimint rí-thabachtach i gcruthú córais iompair phoiblí chomhtháite ata bunaithe ar thraenacha mar a samhlaítear i Transport 21. Beidh idirmhalartú le Líne Dearg agus le Líne Glas an Luas chomh maith le line an DART agus seirbhísí iarnróid bruachbhailteacha.

Tionscnaíodh próiséas cuimsitheach comhairliúcháin i mí Feabhra 2006 i leith treo a roghnú don Metro North. I mí Deireadh Fómhair 2006, d’fhoilsigh an An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (GFI) an treo a roghnaíodh do Thionscnamh Metro North. I mí Márta 2007, d’fhógair an an GFI tús leis an soláthar do Metro North. Tá an GFI ag súil go mbeidh liosta iomaitheoirí réamh-cháilithe i Samhradh 2007.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Thug an GAFN cúnamh don GFI agus dá Bord Tionscnamh i luacháil iomaitheoirí agus in ullmhú Tagarmharc na hEarnála Phoiblí.



Síntí leis an Luas

Lean an GAFN ag cur comhairle airgeadais ar fáil do tionscnaimh sínidh an Luas mar seo a leanas:

Líne Luas B1

Síneadh 7.5 km de Líne Glas an Luas is ea é seo ó Sandyford go Cherrywood. Meastar go ndéanfar maoiniú ar breis agus 50% den chostas ar an síneadh ón earnáil phríobháideach trí mheascán tobhaigh agus ranníocaíochtaí eile agus an iarmhír ag teacht ó mhaoiniú Stáit.

Chuir an GFI isteach larratas Ordú larnróid i 2005 agus lean Bínse Fiosruithe Poiblí é sin i mí Márta 2006 agus shínigh an tAire Iompair an tOrdú larnród i mí Lúnasa 2006. Tháinig an tOrdú larnród i bhfórsa i mí Eanáir 2007 agus tá tús curtha le líne B1 an Luas.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Líne Luas C1

Síneadh 1.5 km de Líne Dearg an Luas is ea é seo ó Staisiún Uí Chonghaile go dtí an Point Depot. Déanfar cuid de na costais a ghlanadh trí thobhaigh a bhailiú ó lucht tógála agus an iarmhír ag teacht ó mhaoiniú Stáit.

Chuir an GFI isteach larratas Ordú larnróid i mí na Nollag 2005. Bhí Bínse Fiosruithe Poiblí ann i mí Bealtaine 2006. Shínigh an tAire Iompair an tOrdu larnród i mí na Nollag 2006 agus tháinig an tOrdu larnród seo i bhfórsa i mí Feabhra 2007. Tá pleananna á ndéanamh faoi láthair le go gcuirfí agus tá tús leis an obair thógála ar líne C1 an Luas.





II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

C. Tionscnaimh Mhóra Tosnaithe

Comhshaol agus Rialtas Áitiúil

Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainneach



Tá an GAFN ag cur comhairle faoi láthair ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Baile Shligigh agus an Pháirtnéireacht Thithíochta Inacmhainneacha ar ghnéithe airgeadais a bhaineann le roinnt tionscnaimh tithíochta éagsúla agus atá ag céimeanna chun cinn éagsúla soláthair agus a bhí an-rathúil.

Baineann na tionscnaimh thithíochta leis na riachtanais sóisialta agus fisiciúla do na háiteanna atá i gceist agus cuireann said lóistín i dtithíocht sóisialta agus inacmhainneach nua maraon le áiseanna ard-chaighdeáin do na cónaitheoirí. Toradh amháin ar rathúlacht an tionscnaimh phíolótach i mBrúanna Fatima faoi Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ná méadú i líon na gcomhairlí eile ag úsáid an CPP mar mhodh soláthair i gcomhthéacs athnuachana i gceantracha ata tógtha cheana maraon le suíomhanna nua a fhorbairt.

Is é a bhíonn i gceist le tionscnaimh athnuachana ná áitribh atá imithe in aois a aistriú le tithe sóisialta agus inacmhainneacha atá feabhsaithe go mór maraon le áiseanna pobail ar nós hallaí pobail, ionaid sláinte, crèches, áiseanna spóirt, spásanna oscailte agus nascanna iompair. Mar chúiteamh ar an deis d'fháil forbairt a dheanamh ar na ceantracha seo, ceadaítear don forbróir ón earnáil phríobháideach méid áirithe tithe a thógail agus a dhiol ar phraghas an mhargadh. I gcomhréir le polasaí an Rialtais, tá na tionscnaimh seo á soláthar go comhiomlánach ar bhonn buiséid neodrach.



II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

I Samhain na bliana 2006, thionól Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil agus an GAFN trathnóna oscailte do Thionscnaimh Athnuachana Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i Halla na Cathrach le béim a leagadh ar an margadh seo agus an píblíne suntasach a bhí ar an slí laistigh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí freastal an mhaith ar seo ón margadh tógála agus forbartha agus leanann na freagraí ar chuirí chun tairiscintí a dhéanamh ar thionscnaimh láidir i gcónaí.

I mí Feabhra 2007, shínigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath conarthaí chun Gáirdíní Uí Dhuibheannaigh a ath-fhorbairt agus an fhorbairt ar Bhóthar Bhaile Shéamais. Cuirfidh an da thionscnamh seo le cheile 280 tithe sóisialta feabhsaithe, nach mór 500 tithe inacmhainneacha agus 350 aonad príobháideach ar fáil go bhfuil teacht acu ar áiseanna pobail agus spóirt.

I gcás Gháirdíní Uí Dhuibheannaigh, thug Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Bord Ath-Ghiniúna Uí Dhuibheannaigh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le conaitheoirí áitiúla, cónaitheoirí ó na pobail máguaird agus solathróirí seirbhísí áitiúla le linn an phróiseis ar fad le aontú ar phleananna chun ath-ghiniúint a dhéanamh ar an gceantar ina raibh 276 árasán i 13 blocanna ar dtús. Beidh tithíocht sóisialta, inacmhainneach agus príobháideach sa leagan nua de Gháirdíní Uí Dhuibheannaigh a bheidh taobh le Foirgneamh Pobail 2,000 méadar ceárnach le páirc sacair ar an ndíon, crèche agus áis don óige.

Tá luach iomlán €2.75 billiún ag na tionscnaimh reatha ina bhfuil an GAFN ag comhairliú in earnáil na tithíochta agus ciallóidh se in iomláine go dtógfar 1,700 tithe nua sóisialta agus 2,100 tithe nua inacmhainneacha.

Go dáta, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun cinn i soláthar tithe sóisialta agus inacmhainneacha in Éirinn. Mar a léirítear thíos i Tábla 1, ta ceithre tionscnamh dúnta acu le forbróirí agus ta said seo á dtógail faoi láthair. Tá píblíne cuimsitheach tionscnamh ag an gComhairle sa mhargadh faoi láthair, mar a léirítear i Tábla 2.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Tábla 1: Tionscnaimh thithíochta i gComhairle Cathrach Átha Cliath atá dúnta.

Tionscnamh	Sóisialta	Inacmhainneach	Príobháideach	Stádas
Brúnna Fatima	150	70	396	Tugadh an Conradh do Ghrúpa Elliot/Moritz i Meitheamh 2004 agus bhog áitritheoirí tosaigh scéim na tithíochta sóisialta isteach i nDeireadh Fómhair 2005.
Bóthar na hOtharlainne	-	160	40	Tugadh an Conradh do Michael Mc Namara agus a Chuid Teo. i Nollaig 2005.
Gairdíní Uí Dhuibheannaigh	281	250	292	Tugadh an Conradh do Michael Mc Namara agus a Chuid / Ghrúpa Castlethorn i bhFeabhra 2007.
Bóthar San Séamas	-	240	60	Síníodh Conradh le P Elliot i bhFeabhra 2007.

Tábla 2: Tionscnaimh Thithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath á Soláthar

Tionscnamh	Sóisialta	Inacmhainneach	Príobháideach	Stádas
Naomh Micheál Inse Chóir	150	75	480	Ceapadh an Tairgeoir Roghnaithe i mí Eanáir 2007 agus de réir an sceidil beidh críoch leis an gconradh go luath i Samhradh 2007.
Sráid Doimnic	120	-	190	Dheimhnigh an Bord Tionscnaimh an Tairgeoir Roghnaithe in Aibreán 2007.
Sráid Bridgefoot	-	50	135	Fuartha tairiscintí in Aibreán 2007.
Vilí an Chrócaigh	38		100	Eisíodh doiciméid thairisceana le páirtithe tairisceana a bhí ar ghearrliosta i mBealtaine 2007.
Gairdíní Naomh Treasa	300	100	300 (aonaid altranais)	Cáipéisí tairisceana arna n-eisiúint do pháirtithe gearrliostaithe i mí na Bealtaine 2007.
Cúirt Radharc an tSléibhe	10	40	40	Fuarthas cuntais ar shuim daoine sa tionscnamh seo i mBealtaine 2007.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht

Ceoláras Náisiúnta

Tá an Ceoláras Náisiúnta ar cheann de na hinstiúidí cultúrtha is tábhachtaí sa Stát. Tá Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ lonnaithe ann. Tá athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta deimhnithe ag an rialtas; déanfar é trí mheán na Páirtíochta Poiblí Priobháidí (CPP) chun ceoláras le 2,000 suíochán a chur ar fáil; agus halla nua do 400 duine.

Tá an GAFN freagrach as comhairle airgeadais a chur ar fáil don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta don tionscnamh agus tá sé freagrach, chomh maith, as é a fháil.

Fuarthas láthair ag Sraith an Iarla ag deireadh 2006; tá an Roinn tar éis struchtúir foirne a bhunú i gcomhar leis an GAFN agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Tá an Roinn ag gabháil den obair faoi láthair agus tá OOP ag cur doiciméid an tionscnaimh le chéile, a bheidh ag teastáil, sar a dtabharfar don GAFN iad do chéimeanna soláthair agus seachadta.





II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Amharclann Náisiúnta Nua na hÉireann – Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach.

Thóg an Rialtas cinneadh go lonnófar Amharclann Náisiúnta Nua na hÉireann – le haghaidh Amharclann na Mainistreach – ar an suíomh a chuir Údarás Forbartha Dhuganna Átha Cliath ar fáil ag Duga Sheoirse. Tá struchtúir foirne bunaithe don tionscnamh cultúrtha seo atá náisiúnta agus tábhachtach.

Mar chuid den chinneadh shocraigh an Rialtas go ndéanfaí an tionscnamh athfhorbartha trí mheán CPP. Tá comórtas deartha idirnáisiúnta ar leith mar chuid den soláthar. Beidh Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfeighil ar an tionscnamh thar ceann na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Beidh amharclann nua níos mó le háiseanna iomlána mar chuid den fhorbairt nua; beidh dara amharclann níos lú (An Phéacóg) agus amharclann stiúideo ina mbeidh stáitse agus suíocháin sho-lúbtha. Beidh áiseanna poiblí feabhsaithe agus spás d'Amharclann na Mainistreach chomh maith le spas níos mó le haghaidh cleachtaidh, stóras, saotharlanna agus oifig riaracháin.

Beidh an GAFN freagrach as gach gné a bhaineann le soláthar na hamharclainne nua go dtí go mbeidh sé tógtha. Beidh an GAFN freagrach, chomh maith, as comhairle airgeadais, fiontair agus árachais a chur ar fáil do Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta do sholáthar an CPP.

II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Oideachas agus Eolaíocht

Dara Liosta Scoileanna

Ar an 21 Samhain 2006, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta an dara liosta scoileanna a chuirfear ar fáil mar chuid de Chlár CPP na Roinne maidir le scoileanna don tréimhse 2006 – 2009. Beidh sé scoil ar chúig láthair sa dara liosta den tionscnamh seo agus den chéad uair beidh bunscoil agus iarbhunscoil ar champas amháin. Beidh áiteanna do bhreis is 4,000 dalta sna scoileanna seo.

Bunaíodh Bord Tionscnaimh don dara liosta agus tá obair réamh- sholáthair tosaithe ionas go mbeidh an tionscnamh ullamh i 2007.

Táthar ag súil go bhfógróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an tríú liosta faoi dheireadh 2007. Beidh na liostaí ar fad ar siúl ag an am céanna.



II DUL CHUN CHINN AR THIONSCNAIMH AN GAFN

Tríú Leibhéal – 255 milliún Euro

Tá tús curtha leis an obair a bhaineann le clár mór de thionscnaimh lóistín sa Tríú Leibhéal ar fiú 255 milliún Euro iad. Déanfaidh an GAFN na tionscnaimh seo a sholáthar agus a chríochnú trí mheán an CPP.

Toisc go mbeidh an CPP in úsáid le haghaidh scoileanna agus coláistí beidh dearadh de chineál nua ann agus saorfaidh sé príomhoidí agus múinteoirí chun díriú ar an teagasc.



Tionscnamh Tairsigh Choláiste Ollscoile Átha Cliath

I Nollaig 2006, sheol COÁC comórtas ailtireachta chun íomhá idirnáisiúnta so-aitheanta a fhorbairt do champas Belfield. Táthar ag súil go bhfógrófar an dearadh a bhuafaidh an comórtas faoi lár 2007.

I gcomhar leis an gcomórtas ailtireachta tá próiseas tosaithe ag COÁC chun páirtí gnó a fháil a dhéanfaidh forbairt ar an dearadh a bhuafaidh ina mbeidh forbairt mheasctha. Beidh carrchlós ilstórach,

chomh maith le lóistín do mhic léinn, úsáideanna miondíola, ionad leighis, áiseanna naíolainne, láthair thaispeántais, áiseanna pictiúrlainne ar Leith/staidéir scannánaíochta, óstán le spá, blocárasán/óstán, áis fáilte ar an gcampas agus seomraí feidhmiúcháin agus cruinnithe eile san ollscoil.

Chomh maith leis na rudaí seo, moltar mór-ghréasán bóithre nua, réimeas iontrála agus athruithe bonneagair tábhachtacha mar chuid den fhorbairt. Tá an GAFN mar phríomh-chomhairleoir airgeadais ag COÁC agus tá sé ag tacú leis an mBord Tionscnaimh chun Tagarmharc a ullmhú don Rannóg Phoiblí.



III An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN)

Maidir le hinfheistíocht iomlán sa bhonneagar faoin PFN agus Creatlach Infheistíochta Ilbhliantúil go ceann seacht mbliana (2007 – 2013), meastar go mbeidh buiséad de €76.2 billiún ann. Den €76.2 billiún cuirfidh an earnáil phríobháideach thart ar €11.2 billiún ar fáil trí mheán CPP a bheidh bunaithe ar an íocaíocht a bheidh ar fáil. Is CPP iad seo a gheofar ón Stát seachas ón bpobal trí íocaíochtaí an úsáideora.

Níl teorainn ar bith le tionscnaimh a dhéanfar trí mheán CPP nuair is féidir an CPP a íoc ina iomláine trí íocaíochtaí an úsáideora. Glacann an plean leis go mbeidh ról tábhachtach ag CPP sa phróiseas maidir le tionscnaimh, a bhfuil an scála, fiontar agus próifíl fheidhmiúil cheart iontu, a chur i gcrích. Tá súil ag an GAFN a bheith freagrach as ó chéim an tsoláthair go dtí go gcuirfear i gcrích gach tionscnamh CPP a bheidh maoinithe go hiomlán ó airgead na Roinne/ Gníomhaireachta seachas ó airgead a fuarthas sa raonnóg iompair agus a fhaigheann na húdaráis áitiúla.


Creatlach um Infheistíocht Chaipitil Ilbhliantúil 2007 – 2013

	€ Milliúin
Iompar	24,488
Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	16,998
Oideachas agus Eolaíocht	7,363
Sláinte agus Leanaí	5,841
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	4,100
Oifig na nOibreacha Poiblí	2,456
Talmhaíocht agus Bia	2,151
Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	2,017
Ceart, Comhionannas agus Leasú Dlí	2,125
Eile	8,655
Iomlán	76,194

Foinse: Plean Forbartha Náisiúnta 2007 –2013

III Creatlach um Infheistíocht Chaipitil Ilbhliantúil 2007 – 2013

CAIRT ACHOMAIR AN CHAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE (€m)



Toisc an leibhéal atá ag méadú de chaiteachas chaipitil ag an Stát, beidh ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht ag tabhairt comhairle do na hÚdaráis Stáit ar an soláthar agus an maoiniú is fearr de na tionscadail.



IV Bord an GAFN

Bord an GAFN

Cuireadh le Bord an GAFN nuair a ceapadh triúr gnáth-bhall Boird faoin reachtaíocht leasaithe a reachtaíodh in Aibreán 2007. Tá Cathaoirleach agus seachtar gnáth-bhall ar an mBord.

Is é an Cathaoirleach ex officio ná Príomhfheidhmeannach an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht na Roinne Airgeadais (GBCN). Ceapann an tAire Airgeadais gnáth-bhaill le haghaidh téarma cúig bliana. Ceapann an Bord duine dá bhaill, seachas an Cathaoirleach, mar Phríomhfheidhmeannach an GAFN. I bhFeabhra 2007, d'éirigh Anne Counihan as Bord an GAFN agus mar Phríomhfheidhmeannach. Ar an 10 Feabhra 2007, cheap an tAire Adrian J. Kearns, Stiúrthóir ar an GBCN, ina bhall den Bhord in áit Ms Counihan. Ar an 1 Márta 2007, thogh an Bord Adrian J. Kearns mar Phríomhfheidhmeannach.

Go dtí go n-achtófar an reachtaíocht leasaithe, cheap an tAire Airgeadais beirt bhall nua ar an mBord ar bhonn neamh-reachtúil i Samhain 2006. Ba iad na baill nua ar an mBord ná: Fred Barry, Príomhfheidhmeannach an Údarais um Bóithre Náisiúnta; Stewart Harrington, Stiúrthóir ar Killeen Properties Teo; agus Liam Berney, Oifigeach Tionsclaíoch le Comhdháil na gCeardchumann. Aithníonn an méadú atá tagtha ar an mBord an ról agus an fhreagracht mhéadaithe atá ag an GAFN i bhforbairt an bhonneagair in Éirinn.

Ta dualgas ar Chathaoirleach agus ar Phríomhfheidhmeannach an GAFN fianaise a thabhairt do Choiste na gCuntas Poiblí i nDáil Éireann. Cuimsíonn an fhianaise seo rialachán agus dleachtaíocht a bhaineann le gach beart an GAFN, éifeachtacht an GAFN ó thaobh costais, éifeacht an GAFN, córais, nósanna imeachta agus cleachtais an GAFN. Tugadh fianaise don Choiste ar an 9 Márta 2006.

Ba mhaith le Príomhfheidhmeannach agus leis an mBord buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile a raibh baint acu le hobair an GAFN as a gcuid iarrachtaí.





AGUISÍN 1

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) – Ról agus Feidhmeanna

Bunaíodh an GAFN i mí Eanáir 2003 chun comhairle airgeadais a thabhairt do na hÚdaráis Stáit a bhí ag dul i mbun tionscnaimh mhóra bonneagair, trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) nó soláthar traidisiúnta.

Agus an obair seo ar bun, tá dualgas ar an GAFN na treoirínte aireachta ar fad a chomhlíonadh. Tá dualgas ar an GAFN breathnú ar threoir agus threoirínte pholasaí a thugann an Aireacht do na hÚdaráis Stáit roimh aon chomhairle a thabhairt.

Ligeann an ról atá ag an GAFN maidir le mórchlár chaipitiúla a sholáthar don Rialtas úsáid a bhaint as caighdeáin thráchtála agus an baol airgeadais, na costais agus na roghanna bainteach le tionscnaimh á mheas, ag cinntiú go roghnaítear an pacáiste airgeadais is fearr gach uile uair.

Roimh a bunaíodh an GAFN ní raibh aon saineolas airgeadais bhunaithe ar fáil ag an Rialtas. In ionad sin, bhí grúpaí sainchomhairleoirí agus saineolaithe eile á thabhairt le chéile chun comhairle a thabhairt maidir le tionscnaimh ar leith. Nuair a cuireadh críoch leis na tionscnaimh, níor leanadh leis an bhfoireann agus cailleadh mórchuid an eolais, an t-saineolas laistigh den seirbhís phoiblí san áireamh.

Ta dualgas ar na hÚdaráis Stáit comhairle an GAFN a fháil maidir le gach saincheist airgeadais a eascraíonn ó aon tionscnaimh nó aon ghrúpa tionscnaimh ar luach caipitiúil de níos mó ná €20 milliún.

Tá an t-údarás dlíthiúil ag an GAFN iasacht agus cur ar aghaidh de suas le €5 billiún a chur ar fáil i leith tionscnaimh ceadaithe ag na hÚdaráis Stáit, chun comhlachtaí a bhunadh d'fhonn maoiniú a chur ar fáil do thionscnaimh infheistíochta phoiblí chomh maith le hairgead a chur ar aghaidh chun na gcomhlachtaí céanna. Go dtí seo ní raibh dualgas air maoiniú a chur ar fáil so díreach.

I mí Iúil 2005, bhunaigh an Rialtas “Lárionad Saineolais” laistigh den GAFN chun dul i mbun oibre maidir le soláthar agus seachadadh tionscnaimh thar ceann na Ranna: Sláinte agus Leanaí, Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí agus Oideachais & Eolaíochta, ar dtús.

Tá an tionscnaimh seo dírithe ar thacaíocht a chur ar fáil do sheachadadh na CPP do thionscnaimh bonneagair chaipitiúla, trí na scileanna agus an cumas ata de dhíth chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar CPP a daingniú.

Bhí an GAFN ag feidhmiú sa ról seo ar bhonn eatramhach, neamh-reachtúil ó mí Iúil 2005. Tá an GAFN freagrach as tionscnaimh nua CPP sa Rialtas Láir a íocfar go díreach ón Státchiste a sholáthar, agus as iad a thabhairt ar ais don Aire chuí nuair atá sprioc an tionscnaimh bainte amach.



AGUISÍN 1

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) – Ról agus Feidhmeanna

I dtosach báire bhí na tograí a cuireadh chun an GAFN bainteach leis an earnáil oideachais agus eolaíochta. Tá an GAFN ag gabháil do sholáthar 23 iar-bhunscoil nua agus 4 bhunscoil nua, trí CPP, de réir na bpleananna eolaíochta atá ag an Roinn Oideachais.

Achtaíodh an reachtaíocht rialaithe chun an GAFN a mhéadú ar an 10ú Aibreán 2007 mar an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, ag cinntiú ról an GAFN mar Lárionad Saineolais an Stáit maidir le CPP.

Ag an am chéanna, méadaíodh an tsainchúram a bhí ag an Lárionad Saineolais chun réimse níos leithne d'Údaráis Stáit a chur san áireamh: mar shampla, thosaigh an Lárionad Saineolais obair réamh-sholáthair go luath i 2007 thar ceann na Ranna Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta don Cheoláras Náisiúnta agus d'Amharclann na Mainistreach.

Mhéadaigh an tAcht líon na gcomhaltaí ar Bhrod an GAFN ó Chathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhalta go Cathaoirleach agus seachtar gnáthchomhalta.


Bunaíodh grúpa nua bainistíochta um thionscnaimh theicniúla toisc na freagrachtaí nua a sannadh don GAFN, grúpa a rachaidh chun tosaigh ar sheachadadh tionscnaimh chomh luath is a fhaigheann an GAFN an tionscnamh ó na hÚdaráis Stáit ar leith.

Cuireann an fheidhm nua seo go mór leis na feidhmeanna comhairle maidir le baol agus airgeadas a bhunaíodh laistigh de na tionscnaimh atá ag an Lárionad Saineolais cheana féin.

Tionscnaimh Lárionad Saineolais

Tá an freagracht fós ar na hÚdaráis Stáit cuí maidir le measúnú agus ceadú gach tionscnamh, an cinneadh maidir leis an modh sholáthair agus leagan amach na gcomhairlí leis na geallsealbhoirí san áireamh. Tugann an GAFN faoi tionscnamh a sholáthar chomh luath is atá na saincheistean maidir le polasaí réitithe, na sonraíochta táirgeachta leagtha amach agus tagarmharc na nearnála poiblí agus buiséad an tionscnamh sínithe ag an Údarás Stáit. Feidhmíonn an GAFN mar chomhairleoir don na hÚdaráis Stáit i gcónaí maidir le baol agus airgeadas le linn na gcéimeanna measúnú agus pleanála.

Chun a ról nua mar údarás um sholáthar a chomhlíonadh, comhordóidh an GAFN bainistíochta na dtionscnamh de chuid an Lárionaid Shaineolas trína grúpa bainistíochta um thionscnaimh. Tá an GAFN fós ag cur lena n-acmhainní agus saineolas maidir le bainistiú tionscnaimh theicniúla, ar aon dul le méadú ar líon na dtionscnamh a thugtar don ghníomhaireacht d'fhonn sholáthair. Ina theannta sin, fostaíonn an GAFN saineolaithe ó tionscnamh go tionscnamh nuair is gá, d'fhonn tuilleadh seirbhísí dlíthiúla, teicniúla, pleanála agus luachála a aimsiú chun cabhrú le seachadadh éifeachtach na dtionscnamh.



AGUISÍN 1

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) – Ról agus Feidhmeanna

Comhordóidh an ghrúpa um bhainistíocht tionscnaimh na hionchur teicniúla, airgeadais agus dlíthiúla a gabhann le soláthar, le monatóireacht tógála agus céimeanna aischur an tionscnaimh CPP. Cothóidh sé an idirghabháil leantach leis an Údarás Stáit chomh maith, de réir pholasaí an GAFN maidir le dlúthchomhar agus malartú faisnéise leis an Roinn, Oifig nó Gníomhaíocht choimircíochta.

- fcomhairle maidir le hairgeadas, baol agus árachas
- ullmhú doiciméid chonartha
- dul chun tairisceana don tionscnamh
- réamh-cháiliú den consortia tairisceana
- luacháil tairscintí
- roghnú táirgeoirí tosaíochta
- idirbheartaíocht conarthaí
- síniú conarthaí thar ceann na Ranna Rialtais
- monatóireacht a dhéanamh ar thógáil an tionscnaimh
- riaradh an tionscnaimh chomh fada leis an “gcéim eochróra” agus aischur chun na gníomhaíocht coimircíochta thar idirthréimhse uainíochta.

Comhairle Ilghnéitheach

D’fhéadfadh an GAFN comhairle aon uaire a thabhairt chomh maith nuair a iarrtar maidir le háiseanna bonneagair reatha. I ndiaidh iarratas ón Roinn Airgeadais mar shampla, rinne an GAFN athbhreithniú ar na modhanna maoinithe d’iasacht gan íoc bainteach le príosún Port Laoise i lár na tíre. De réir comhairle an GAFN, cuireadh pacáiste maoinithe nua i bhfeidhm I mi na Nollag 2006, ba chúis le coigilt sa Státchiste de bheagnach €0.8 milliún.

Tá dualgas ar an GAFN aird a thabhairt mar is cuí do chomhairle agus treoir an Aire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscnaimh infheistíochta poiblí, *ach go háirithe Treoirlínte maidir le Luacháil agus Bainistiú Tograí um Chaiteachais Caipitiúil san Earnáil Phoiblí (2005), an Fhrámaíocht Náisiúnta Pholasaí um Sholáthar (2005), na Treoirlínte um Sholáthair Boneagair agus Infheistíocht Caipitil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (2006) agus an Fhrámaíocht maidir le Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (2001).*



AGUISÍN 2

Teimpléad ar Aontú Tionscnamh agus Caighdeánú Doiciméad

I rith 2006, d'fhoilsigh an GAFN a Teimpléad CPP ar aontú tionscnamh maidir le tionscnamh lenar bhain íocaíochtaí aonadacha ón Stáitchiste.


Bhí Mairís um Leithdháileadh Baoil san áireamh sa Teimpléad ar Aontú Tionscnamh ina raibh mionsonrú maidir le cén baol atá ag bogadh isteach san earnáil príobháideach amháin, cén baol a bhaineann leis an Stáit i gcónaí, agus cén baol atá á roinnt.

Déantar gach baol a dháileadh ag an bpáirtí is fearr chun déileáil leis, ag cinntiú an luach is fearr ar airgead don Stáit ó gach aon tionscnamh. Nuair atá beart atá tugtha chun críche á athmhaoiniú ar théarmaí feabhsaithe mar shampla, bhí an dáileadh choigiltis idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach mar ábhar idirbheartaíochta fada go stairiúil agus ní bhfuair an Stáit an leithdháileadh optamach den choigiltis i gcónaí. Cinntíonn an Teimpléad ar Aontú Tionscnamh go bhfaighidh an Stáit 50% ar a laghad d'aon saghas coigiltis dá leithéid.

Chuir an earnáil phoiblí agus phríobháideach fáilte roimh an doiciméid agus léiríonn sé leithdháileadh cothrom agus tráchtála den bhaol idir na páirtithe, chomh maith le luach ar airgead don Stáit agus beart inrialaithe don earnáil phríobháideach. Tá buntáistí ag baint le caighdeánú a dhéanamh ar a leithéid de dhoiciméid chasta:

- socrú tráchtála atá i gceist lena bhfuil an Stáit sásta a bheith bainteach agus lena bhfuil an earnáil phríobháideach sásta glacadh;
- laghdaíonn sé an dhíth idirbheartaíochta maidir le hábhair atá sochar a dóthain agus laghdaítear am tairisceana agus costais dá bharr;
- laghdaíonn sé an t-am agus an costas a bhaineann le dícheallacht cuí na mbanc de réir mar a théann siad i gcleachtadh ar an doiciméad.

Comhartha mór go bhfuil an margadh CPP ag teacht in aibíocht ná forbairt maidir le caighdeánú de na doiciméid bhunúsacha. Tá an GAFN ag leanúint leis an gcaighdeánú ar dhoiciméid eile, ar nós na treoirlínte um ullmhúcháin de dhoiciméid maidir le Sonraíochtaí Táirgeachta agus Réamh-Cháilithe chomh maith le hlarraidh ar Thairiscintí. Tá sé ar intinn na doiciméid seo a fhoilsiú i 2007.



AGUISÍN 3

Séard atá sa liosta seo a leanas ná liosta de na hÚdaráis Stáit atá dualgas orthu dul i gcomhairle leis an GAFN faoi láthair faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) (Leasú) 2007, maidir le haon tionscadail mhóra bainteach le hinfheistíocht phoiblí. Cuireadh leis ó ritheadh an tAcht agus is féidir leis an tAire Airgeadais cur leis arís

Na hÚdaráis Stáit mar a liostaítear iad i sceideal na Acht GAFN (Leasú) 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás Áitiúil
3. Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil sa chiall atá in Acht na nOllscoileanna 1997, seachas Coláiste na Trí nóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste sa chiall atá i gcuid 2 de hAcht na gCeárd-Choláistí Réigiúnacha 1992
9. Coiste garimoideachais sa chiall atá i gcuid 7 den Acht Garimopideachais 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás Cuain sa chiall atá in Acht na gCunta 1946 go 1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás áitiúil go ndéintear a éileamh faoi cuid 22.



RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an GAFN comhairle do na hÚdaráis Stáit maidir le seachadadh, soláthar agus maoinú tionscadail airgeadais. Fanann na tionscadail úd ar chlár chomhardaithe na Ranna ar leith agus ní fheictear ar chuntais an GAFN iad. Tá na leithdháiltí a fuair na Ranna ar leith do thograí PPF ar fáil thuas áit a bhfuil na leithdháiltí ilbhliantúla.

De réir chuid 20 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002 tá dualgas maidir leis na cuntais go léir is cuí agus is gnáth a choinneáil, de réir mar a gcinneann an tAire Airgeadais. Is gá go mbeadh cuntas ar leith de na costais riaracháin agus caiteachais a thabhaíonn foireann an GAFN le linn na hoibre san áireamh. Mar a mhínítear thuas áfach, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta amháin a fhostaíonn an foireann atá bainteach le hábhair an GAFN.

Is é seo a leanas liosta de na costais riaracháin a thabhaigh an GAFN i 2005 agus 2006.

	2006	2005
	€	€
Táillí agus Caiteachas an Bhoird	71,859	32,128
Táillí iniúchta	5,500	4,800
	<u>77,359</u>	<u>36,928</u>

I dteannta na costais thuas luaite, bhain costas de €3,078,733 (2005: €2,758,892) le riaracháin sa Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a bhí bainteach le gníomhú an GAFN i 2006.

Tá na costais seo san áireamh sna costais riaracháin atá ag an GBCN agus íoctar iad as an bPríomh-Chiste. Ní lorgaíonn an GBCN aisíoc ó na hÚdaráis Stáit ar na gcostais úd.

Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2006

Clár Ábhair

Bord agus Eolas Eile	37
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	38
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	39
Tuarascáil na nIníúcháirí	41
Polasaithe Cuntasaíochta	43
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	44
Cuntas Riaracháin	45
Clár Comhardaithe	46
Nótaí do na Cuntais	47

Baill An Bhoird agus Eolas Eile

BAILL AN BHOIRD

Michael J. Somers – Cathaoirleach
Anne Counihan* – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Adrian J. Kearns* – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Fred Barry***
Liam Berney**
Ann Fitzgerald
Stewart Harrington***
Tony Jones
Peter McManamon

INIÚCHÓIRÍ

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

* D'fheidhmigh Anne Counihan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin go dtína tráth scoir ón mBord an 9 Feabhra 2007.
Ceapadh Adrian Kearns mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 1 Márta 2007.

** Arna ceapadh an 13 Samhain 2006, ar bhonn eatramhach neamhreachtuil.

*** Arna ceapadh an 23 Samhain 2005, ar bhonn eatramhach neamhreachtuil.

833.22	-3.21	(0.99%)
8,212.30	-0.32	(5.32%)
3.00	+9.73	(0.02%)
83.12	+2.09	(1.87%)
63.98	+9.32	(1.56%)
234.22	+0.32	(0.32%)
2.32	-0.21	(3.10%)
24.13	+3.33	(0.32%)
74.75	+0.32	(2.23%)
89.43	+4.10	(1.93%)

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Na Gníomhaireachta

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, tá ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á ullmhú acu, tá ar an nGníomhaireacht:

- spolasaithe cuntasaíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as gach gnáthchuntas cuí a choimeád, i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a fhaigheann nó a chaitheann sí agus as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann staid airgeadais na Gníomhaireachta le cruinneas réasúnta ag am ar bith.

Tá an Gníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní faoina stiúir a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois nó aon mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

26 Meitheamh 2006

833.22	-3.21	(0.99%)
8,212.30	-0.32	(5.32%)
3.00	+9.73	(0.02%)
83.12	+2.09	(1.87%)
63.98	+9.32	(1.56%)
234.22	+0.32	(0.32%)
2.32	-0.21	(3.10%)
24.13	+3.33	(0.32%)
74.75	+0.32	(2.23%)
89.43	+4.10	(1.93%)

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Ar son na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an GAFN"), admhaímid freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint in am tráth.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, comhlíonann an GAFN a cuid dualgais trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht).

Tá céimeanna glactha ag an nGníomhaireacht chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- riachtanais bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú do theipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus do ghníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Tá próisis curtha ar bun ag an nGníomhaireacht chun rioscaí áirithe a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí ós comhair na Gníomhaireachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a glacann sí leo mar inghlactha;
- an fhéidearthacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na Gníomhaireachta a mheas maidir leis na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais de rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcoimhneas leis an leas faighte.

833.22	-3.21	(0.99%)
8,212.30	-0.32	(5.32%)
3.00	+9.73	(0.02%)
83.12	+2.09	(1.87%)
63.98	+9.32	(1.56%)
234.22	+0.32	(0.32%)
2.32	-0.21	(3.10%)
24.13	+3.33	(0.32%)
74.75	+0.32	(2.23%)
89.43	+4.10	(1.93%)

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de fhaisnéis bainistíochta rialta, phróisis riaracháin le leithscaradh dualgas san áireamh, agus chóras tarmhigin agus freagrachta. Áiríonn sé ach go háirithe:


- córas buiséadaithe cuimsitheach do chostais riaracháin na Gníomhaireachta;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a gcuireann feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- spriocanna a bhunú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- disciplíní bainistíochta foirmiúla.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn i gcomhréir leis an gCód Creatlaí den Chleachtas is Fearr leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh curtha ar an eolas trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí oibríochta ós comhair na Gníomhaireachta, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Go bliantúil ar a laghad, tugann an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil don Gníomhaireacht ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. San áireamh sa tuarascáil seo tá tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar chumas agus éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.


Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh curtha ar an eolas ag obair an iniúcháir inmheánaigh (PricewaterhouseCoopers faoi láthair), na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Gníomhaireacht atá freagrach as an gcreatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tráchtanna déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó tuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bhliantúil ar Rialuithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, tá athbhreithniú déanta ag an Iniúcháir Inmheánach ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh agus tuairisciú déanta ar seo chuig an bPríomhfheidhmeannach de Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá ina Chathaoirleach de Bhord an GAFN chomh maith. Níor tháinig aon saincheistanna chun cinn san athbhreithniú a rinne an tIniúcháir Inmheánach.



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

833.22	-3.21	[0.99%]
8,212.30	-0.32	[5.32%]
3.00	+9.73	[0.02%]
83.12	+2.09	[1.87%]
63.98	+9.32	[1.56%]
234.22	+0.32	[0.32%]
2.32	-0.21	[3.10%]
24.13	+3.33	[0.32%]
74.75	+0.32	[2.23%]
89.43	+4.10	[1.93%]

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Gníomhaireacht um Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta 2002.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Riarachán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Gníomhaireacht um Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta 2002 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhiráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

833.22	-3.21	(0.99%)
8,212.30	-0.32	(5.32%)
3.00	+9.73	(0.02%)
83.12	+2.09	(1.87%)
63.98	+9.32	(1.56%)
234.22	+0.32	(0.32%)
2.32	-0.21	(3.10%)
24.13	+3.33	(0.32%)
74.75	+0.32	(2.23%)
89.43	+4.10	(1.93%)

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Purcell
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

833.22	-3.21	(0.99%)
8,212.30	-0.32	(5.32%)
3.00	+9.73	(0.02%)
83.12	+2.09	(1.87%)
63.98	+9.32	(1.56%)
234.22	+0.32	(0.32%)
2.32	-0.21	(3.10%)
24.13	+3.33	(0.32%)
74.75	+0.32	(2.23%)
89.43	+4.10	(1.93%)

Polasaithe Cuntasaíochta

Cúlra

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (an "GAFN") faoi ordú an Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

In Iúil 2005, bheartaigh an Rialtas ar na scileanna seachadta fála uile a lárú a bhíonn ag teastáil chun tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí ("CPP") a chur ar bun in áiteanna ainmnithe, ag tosú le clár de thionscadail CPP sna limistéir de Cheartas, Sláinte agus Oideachas. Gheobhaidh an GAFN sainordú chun na tionscadail a chur ar fáil ar son na n-údarás Stáit ainmnithe (le hionchur ón Roinn Rialtais á choimirciú chomh fada agus is gá) agus chun iad a thabhairt don Roinn Rialtais ábhartha nuair atá siad cruthaithe. Tabharfaidh an GAFN faoin soláthar nuair atá gach saincheist polasaí réitithe, sonraíochtaí aschuir socraithe agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí don tionscadal sínithe ag an Roinn Rialtais á choimirciú. Achtaíodh an reachtaíocht leis na feidhmeanna breise sin a shannadh don GAFN an 10 Aibreán 2007.

Tá na polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta mar seo a leanas:

Bunús an ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i faoi réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, i bhformáid atá formheasta ag an Aire Airgeadais.

Déanann na ráitis airgeadais achoimriú ar na hidirbhearta agus staid airgeadais na Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Tréimhse Tuairiscithe

Ba í an tréimhse tuairiscithe ná an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

Airgeadra Tuairiscithe

Ba é an t-airgeadra tuairiscithe ná an euro, atá léirithe ag an gcomhartha €.

Ioncam a Aithint

Déantar ioncam a thuairisciú ar bhonn fabhráithe.

Costais

Déantar costais a thuairisciú sa bhliain ina bhíonn siad dlite.

Déantar costais a taobhaíodh i leith riarachán na Gníomhaireachta a ghearradh ar an gcuntas Riaracháin.

Déantar costais a taobhaíodh i leith feidhmeanna maoinithe agus comhairlithe na Gníomhaireachta a ghearradh ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nóta	2006 €	2005 €
Ioncam	1	77,359	36,928
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	2	<u>(77,359)</u>	<u>(36,928)</u>
Ioncam Glan don tréimhse		<u>-</u>	<u>-</u>



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na cuntais seo.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

	Nótaí	2006 €	2005 €
Ioncam	2	77,359	36,928
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	<u>(77,359)</u>	<u>(36,928)</u>
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin		<u>Nil</u>	<u>Nil</u>



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntaisíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na cuntais seo.

Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €	2005 €
Sócmhainní Féichiúnaithe	4	26,026	4,800
Dliteanais Creidiúnaithe	5	26,026	4,800
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais		Nil	Nil
Ag léiriú Cúlchistí Carntha	6	Nil	Nil



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na cuntais seo.

Nótaí do na Cuntais

1. Iloncam

	2006	2005
	€	€
Ciste Lárnach	<u>77,359</u>	<u>36,928</u>

2. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Léiríonn an méid seo de €77,359 an méid ag teastáil chun costais riaracháin na Gníomhaireachta a chlúdach.

3. Costais Riaracháin

Tá costais Riaracháin na Gníomhaireachta sonraithe thíos ar bhonn fabhráithe:

	2006	2005
	€	€
Costais agus Táillí an Bhoird	71,859	32,128
Táillí Iniúchta	<u>5,500</u>	<u>4,800</u>
	<u>77,359</u>	<u>36,928</u>

Chomh maith leis na costais thuas, tháinig na costais a thaobhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun feidhmeanna an GAFN a chomhlíonadh chuig € 3,078,733 (2005 € 2,758,892). Cuirtear costais an GBCN san áireamh i gcostais riaracháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar ar an gCiste Lárnach iad. Ní lorgaíonn an GBCN cúiteamh as na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.

Nótaí do na Cuntais

4. Féichiúnaithe

	2006	2005
	€	€
Ciste Lárnach	26,026	4,800

5. Creidiúnaithe

	2006	2005
	€	€
Costais Fabhraithe	26,026	4,800

6. Cúlchistí Carntha

	2006	2005
	€	€
Ioncam glan don tréimhse	-	-
larmhéid deiridh	Nil	Nil

7. Dlíteanais teagmhasacha

Nil aon dlíteanais teagmhasacha ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar 31 Nollaig 2006.

8. Páirithe gaolmhara An tAire Airgeadais

Cheap an tAire Airgeadais na baill de Bhord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta mar atá tugtha ar leathanach 3, faoi alt 12 den Acht.

Faoi alt 7 den Acht d'fhéadfadh an tAire a ráthú go n-aisíocfar aon iasacht a fhaigheann an Gníomhaireacht nó aon chomhlacht sainfheidhmeach a chruthaíonn an Gníomhaireacht agus í ag tabhairt faoina chuid ghníomhaíochtaí. Ní dhearnadh aon ráthú dá leithéid le linn na tréimhse seo.

9. Ráitis Airgeadais a Fhormheas

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 21 Bealtaine 2007

Gníomhaireacht Airgeadais
D'fhorbairt Náisiúnta
Foirgneamh an Stáitchiste
Sráid an Chanáil Mhóir
Baile Átha Cliath 2
Éire

Guthán 353 1 664 0800
Facs 353 1 676 6582
R-phost info@ndfa.ie
Idirlín www.ndfa.ie



Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta